



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

Leictreachas, Tonnta agus Cumarsáid

Modúl 5

Bonnsraith

[GSC51]



DÉARDAOIN 11 SAMHAIN 2010, IARNÓIN

AM

45 nójead.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	

Marc Iomlán	

- 1 (a) Anseo thíos tá ciorcad leictreach a bhfuil fabht ann.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



- (i) Comhlánaigh na habairtí seo a leanas.

Roghnaigh ó:

aimpmhéadar

treo

voltanna

aimp

sraith

voltmhéadar

Léiríonn an tsiombail  _____

atá _____ cheangailte sa chiorcad thus.

Tomhaiseann sé voltas in aonaid darb ainm

_____.

Tá na bolgáin _____ cheangailte sa
chiorcad seo. [4]


- (ii) Mínigh an fáth nach lasfadh na bolgáin sa chiorcad thus.

_____ [2]

(b) Tá dhá bholgán chomhionanna (A agus B) sa chiorcad thíos.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



- (i) Cad iad na lasca (S_1 , S_2 nó S_3) ba chóir a bheith druidte sa dóigh gur bolgán B amháin a bheidh ar lasadh?

_____ agus _____ [1]

- (ii) Abair go bhfuil S_1 druidte agus go bhfuil S_2 agus S_3 oscailte. Cé acu bolgán nó bolgáin, má bhíonn ceann ar bith acu, a bheidh ar lasadh ansin?

Roghnaigh ó:


Bolgán A : Bolgán B : Bolgán A agus Bolgán B araon

: Gan bolgán ar bith

_____ [1]

- 2 (a) Taispeánann an bharrachair seo thíos an céatadán de radaíocht ultraivialait a bhíonn **á frithchaitheamh** ó dhromchlaí difriúla.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (i) Cén duine spóirt anseo thíos is mó a bheidh nochtaithe do radaíocht ultraivialait a fhrithchaitear?

Ciorcláigh an freagra ceart.

galfaire

sciálaí

snámhaí

[1]

- (ii) Ainmnigh an galar a thiocfadh ar dhaoine a nochtar don iomarca radaíocht ultraivialait.

_____ [1]

- (iii)Luaigh dóigh **amháin** ar féidir le daoine spóirt iad féin a chosaint ar radaíocht ultraivialait.

_____ [1]

- (b) (i) Anseo thíos tá cineálacha de radaíocht leictreamaighnéadach agus dóigheanna a n-úsáidtear iad. Tarraing líne le gach cineál a cheangal d'úsáid choitianta **amháin** atá aige.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cineál

Gáma-ghathanna

Úsáid

Ailse a chóireáil

Cianrialtáin

Solas infheicthe

Cócaireacht

Micreathonnta


Grianghrafadóireacht

[3]

- (ii) Ainmnigh cineál de radaíocht leictreamaighnéadach a bhíonn in úsáid i gcumarsáid guthán póca.

_____ [1]

- 3 (a) Seasann an léaráid seo thíos do thonn. Déantar í trí lingéán *slinky* a bhogadh suas agus anuas mar a thaispeántar.



© CCEA GCSE Science Single Award Foundation Tier by J Napier, A Macfarland & C Murphy, published by Hodder Education. Reproduced by permission of Hodder Education.

- (i) Cén t-ainm a thugtar ar thonn den chineál seo?

_____ [1]

- (ii) Comhlánaigh an abairt seo a leanas.

Roghnaigh ó:

fuinneamh


frithchaithimh

pictiúir

creathanna

_____ is cúis leis na tonnta uilig agus iompraíonn
siad _____ ó áit amháin go háit eile. [2]

- (iii) Cén t-ainm a thugtar ar an airde atá lipéadaithe **X** ar an tonn seo thíos?



Roghnaigh ó:

tonnnfad

aimplitiúid

minicíocht


_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

(b) Súil an duine atá sa léaráid seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



© CCEA GCSE Science Single Award Foundation Tier by J Napier, A Macfarland & C Murphy,
published by Hodder Education. Reproduced by permission of Hodder Education

(i) Ainmnigh na codanna atá lipéadaithe **A** agus **B** ar an léaráid.

Roghnaigh ó:

inteachán

reitine

coirne

imreasc

A

_____ [1]

B

_____ [1]


(ii) Ainmnigh an cineál lionsa a bhíonn i súil an duine.

_____ [1]

(iii) Athraonann lionsáí solas. Cad é a chiallaíonn an téarma
athraonann?

_____ [1]

- 4 Taispeánann an phícháirt seo thíos an céatadán de leictreachas a bhíonn á ghiniúint ó foinsí éagsúla fuinnimh.



- (a) (i) Ríomh an céatadán de leictreachas atá á ghiniúint ó foinsí eile.

Taispeán do chuid oibre.

Freagra _____% [2]

- (ii) Seachas hidrealeictreach, ainmnigh foinse in-athnuaithe amháin eile.

_____ [1]

- (iii) Cad é a chiallaíonn an téarma **foinse in-athnuaithe**.

_____ [1]

- (iv) Luagh buntáiste **amháin** don timpeallacht as foinsí in-athnuaithe a úsáid.

_____ [1]

- (b) Is é £150 sa bhliain an costas atá ar ghnáth-theach a shoilsiú.
Luagh dhá dhóigh arbh fhéidir an costas seo a laghdú.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 5 (a) Ba mhaith le cumann carthanachta caidéal uisce a thógáil i bhfásach san Afraic. Bhí dhá rogha acu; an caidéal a chumhachtú le peitreal nó é a chumhachtú le grianfhuinneamh. Shíl siad gurbh fhearr dóibh an caidéal a chumhachtú le grianfhuinneamh. Luagh ina ionláine cad chuige.

[3]

- (b) Tá grádú cumhachta de 1kW agus voltas de 250V ag an chaidéal uisce. Ríomh an sruth a bhíonn ag sreabhadh sa seolán a cheanglaíonn an caidéal uisce den ghineadóir.

Úsáid an chothromóid:

$$\text{Sruth} = \frac{\text{Cumhacht}}{\text{Voltas}}$$

Freagra _____ A [3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 6** Rinne daltaí turgnamh ar éisteacht. Sa turgnamh, sheinn siad minicíochtaí difriúla do 20 déagóir agus do 20 pinsinéir. Thaifead siad an lón daoine arbh fhéidir leo gach ceann de na minicíochtaí a chluinstin.
- Tá na tortaí sa tábla seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Minicíocht (kHz)	An lón daoine arbh fhéidir leo gach minicíocht a chluinstin	
	Déagóirí	Pinsinéirí
12	20	20
14	20	18
16	20	15
18	20	12
20	20	0
22	0	0


- (a) (i)** Cuir síos ina ionláine ar cad é a chuireann an t-eolas sa tábla in iúl faoi éisteacht déagóirí.

[2]

- (ii)** Cén t-ainm a thugtar ar fhuaiméanna os cionn 20kHz?

[1]

- (b) Breac líneágraf anseo thíos do thorthaí na bpinsinéirí.



[3]

- (c) (i) Cuir síos ina ionláine ar thátl is féidir a bhaint faoinár gcumas minicíochtaí difriúla a chluinstín agus muid ag dul anonn in aois.

[2]

- (ii) Cad é mar a d'fhéadfaí cruinneas na dtorthaí seo a fheabhsú?

[1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.